Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Interreg
EUROPEAN UNION
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund

# Achoimre na Saoránach:
# **An Clár INTERREG VA (2014-2020)**

An Clár um Chomhar Críochach Eorpach idir an Ríocht Aontaithe agus Éire (Éire-Tuaisceart Éireann-Iarthar na hAlban)

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

European Union
The Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba

EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil i raon formáidí inrochtana ach ríomhphost a sheoladh ag communications@seupb.eu

# Cad é an Clár INTERREG VA?

Tá an Clár INTERREG VA ar cheann de níos mó ná 60 clár cistiúcháin ar fud an Aontais Eorpaigh atá saincheaptha chun dul i ngleic le fadhbanna a thagann chun cinn de bharr teorainneacha a bheith ann.

Is féidir le teorainneacha forbairt gheilleagrach a laghdú, bac a chur ar bhainistiú éifeachtach an chomhshaoil, agus cur isteach ar thaisteal agus ar sholáthar seirbhísí riachtanacha sláinte agus cúraim shóisialta. Faoin gClár nua INTERREG VA, beifear ag dul i ngleic lom díreach leis na saincheisteanna sin d'fhonn comhtháthú geilleagrach, sóisialta agus críochach a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban.

Tríd an gClár INTERREG VA do 2014-2020[1], cuideofar réigiún trasteorann níos rathúla agus níos inbhuanaithe a chruthú. Ina theannta sin, léireofar faoin gClár na réimsí tosaíochta um Chomhar Críochach Eorpach, lena n-áirítear cur leis an Straitéis Atlantach. Tá sé á bhainistiú ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE (FCSAE)

## Cad atá difriúil i gcomhair 2014-2020?

Ag teacht leis an straitéis Eoraip 2020, éilíonn an Coimisiún Eorpach (CE) go mbeidh gach ceann de na Cláir nua 2014-2020 ag díriú ar raon cúng gníomhaíochtaí lena chinntiú go bhfuil dóthain cistithe ar fáil chun athrú suntasach a bhaint amach. Ní mór do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo torthaí agus aschuir inláimhsithe a léiriú i seachadadh a gcuid tionscadal, agus ní mór go mbeadh na torthaí agus na haschuir sin ag teacht le cuspóirí, torthaí agus aschuir fhoriomlána an Chláir. Eiseofar Litreacha Tairisceana in euro do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo.


## Cá mbíonn an Clár i bhfeidhm?

Áirítear sa limistéar incháilithe don Chlár nua INTERREG VA Tuaisceart Éireann (agus Béal Feirste san áireamh), Contaetha Teorann na hÉireann (Muineachán, Liatroim, an Cabhán, Lú, Sligeach agus Dún na nGall); agus Iarthar na hAlban (Dumfries & Galloway, Ayrshire Thoir agus mórthír Ayrshire Thuaidh; Ayrshire Theas; Lochaber, an t-Eilean Sgitheanach & Lochalsh, Arran & Cumbrae agus Argyll & Bute agus Eilean Siar/na hOileáin Thiar).

Ní mór gur tionscadail trasteorann a bheadh i gceist agus dá bhrí sin ní mór comhpháirtithe ó dhá Bhallstát ar a laghad (an Ríocht Aontaithe agus Éire) a bheith páirteach iontu. Faoi imthosca eisceachtúla, féadfar suas le 20% den bhuiséad arna leithdháileadh faoin gClár a chaitheamh taobh amuigh den limistéar incháilithe, chomh fada agus gur féidir sochar inláimhsithe don réigiún a léiriú.

**Ní mór do gach iarratasóir comhar trasteorann a léiriú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme a gcuid tionscadal. Ina theannta sin, ní mór do thionscadail comhar trasteorann a léiriú i.**

[1] Is achoimre é seo ar an gClár Comhair i gcomhair INTERREG VA 2014-2020. Ní féidir aon chearta a fháil ón doiciméad seo. Tá an leagan iomlán den Chlár Comhair, mar a comhaontaíodh é i mí Feabhra 2015, ar fáil ar shuíomh gréasáin FCSAE, **www.seupb.eu**




Tá an Clár á bhainistiú ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) a bhfuil oifigí aige i mBéal Feirste, i Muineachán agus san Ómaigh. Tá Pointe Teagmhála Náisiúnta atá lonnaithe i nGlaschú ag INTERREG VA freisin chun rannpháirtíocht na hAlban sa Chlár a éascú.


## Cé mhéad is fiú an Clár?

Is ionann ranníocaíocht Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) leis an gClár agus **€240m** (85%). Ina theannta sin, tiocfaidh €43m (15%) ó chistiú meaitseála, a thugann luach iomlán an Chláir go dtí **€283m**.

Ní mór go dtiocfadh an cistiú meaitseála ó fhoinsí neamh-AE, lena bhféadfaí a áireamh foinsí náisiúnta, foinsí réigiúnacha, rialtas áitiúil, acmhainní dílse an tionscadail féin, nó foinsí príobháideacha. Is féidir ranníocaíochtaí comhchineáil a úsáid mar chistiú meaitseála. Déanfar na socruithe le haghaidh cistiú meaitseála, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar théamaí an Chláir, a leagan síos sa ghlao sonrach ar iarratais.

# Cad iad na hathruithe a dhéanfar de bharr an Chláir?

Tá ceithre phríomhréimse tosaíochta ag an gClár inar mian leis athrú suntasach, buan a dhéanamh: Taighde & Nuáil; an Comhshaol; Iompar Inbhuanaithe agus Sláinte & Cúram Sóisialta.



# Tosaíocht: **Taighde & Nuáil**

## Feabhas a chur ar Thaighde & Nuáil – (CFRE: €45m)

**Tá céatadán íseal earnálacha ardluacha agus leibhéil ísle Taighde agus Nuála le sonrú i ngeilleagair an réigiúin. Tá an deis ann comhpháirtíochtaí éifeachtacha um chomhar trasteorann a thógáil a mbeidh tionchar suntasach acu ar an acmhainn réigiúnach fhoriomlán um Thaighde & Nuáil in earnálacha spriocdhírithe.**

Cuirfidh an **cuspóir** seo leis an gcumas Taighde & Nuála a bhaineann le tionscal ar fud an réigiúin laistigh de dhá spriocearnáil: 'Sláinte & Eolaíochtaí Beatha' agus 'Fuinneamh In-athnuaite'. Beidh sé ina **thoradh** air go dtiocfaidh méadú ar an líon bliantúil foilseachán irise agus comhdhála arna n-athbhreithniú ag piaraí laistigh den dá earnáil sin, le húdar ón dá thaobh den teorainn agus an acmhainneacht chun tionchar geilleagrach a chruthú. Sainaithníodh na hearnálacha sin i gcomhairle le gníomhaireachtaí náisiúnta forbartha geilleagraí. Is iad a chuireann ar fáil an acmhainneacht is mó le haghaidh fáis agus tá siad ábhartha do gach réigiún laistigh de limistéar incháilithe an Chláir.

**Aschur: 514 bliana taighde ar leibhéal PhD (nó níos airde)**

**Aschur: 5 institiúid taighde rannpháirteach i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha**

**Aschur: 20 fiontar ag fáil tacaíochta**

**Aschur: 10 bhfiontar ag fáil deontas**

**Aschur: 20 fiontar ag fáil tacaíocht neamhairgid**

**Aschur: 10 bhfiontar ag comhoibriú le hinstitiúidí taighde**

**Aschur: 10 bhfiontar ag glacadh páirte i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Cnuasaigh a chruthú trínar féidir ionaid fhíorúla feabhais a fhorbairt laistigh den réigiún, ina mbeidh forbairt acmhainneachta agus inniúlachta i gceist;
- Trí na cnuasaigh, déanfar comhlánú ar straitéisí Taighde & Nuála arb ann dóibh cheana féin sna dlínsí trí chomhar trasteorann a chur chun cinn; agus is éard a bheidh i gceist leo ná socruithe comhpháirtíochta idir institiúidí acadúla atá ann cheana, gníomhaireachtaí na hearnála poiblí agus cuideachtaí san earnáil phríobháideach;
- Faoin gClár, cuirfear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar ionaid inniúlachta atá ann cheana féin chun cuidiú cur le leibhéal an chomhoibrithe trasteorann;
- Rachaidh na cnuasaigh i ngleic le teip an mhargaidh i réimse na Forbartha Teicneolaíochta Taighde agus Nuála, trínarb amhlaidh nach féidir le cuideachtaí aonair déileáil leis an riosca a bhaineann le cineál fadtéarmach an taighde straitéisigh arna chur i gcrích.

## Infheistíocht Ghnó sa Taighde & Nuáil – (CFRE: €15.9m)

**Tá leibhéal íseal gníomhaíochta nuála agus leibhéal ísle caiteachais ar Thaighde agus Nuáil ina saintréithe de na FBManna ar fud an réigiúin. Leis an gcomhar trasteorann, cuirtear deiseanna ar fáil chun comhpháirtíochtaí a chothú idir FBManna agus institiúidí taighde ábhartha, ag tarraingt ar na láidreachtaí taighde éagsúla atá ar fud limistéar an Chláir.**

Tríd an g**cuspóir** seo, cuirfear le líon agus acmhainneacht na FBManna agus na micreaghnólachtaí a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht Taighde & Nuála trasteorann sa réigiún atá dírithe ar tháirgí, próisis agus seirbhísí intrádála nua a fhorbairt. Beidh sé ina **thoradh** air go dtiocfaidh méadú ar chéatadán na FBManna agus na micreaghnólachtaí sa limistéar incháilithe a bhíonn i mbun Taighde & Nuála trí chomhoibriú trasteorann.

- **Aschur: 1,408 bhfiontar ag fáil tacaíochta**
- **Aschur: 19 bhfiontar ag fáil deontas**
- **Aschur: 1,408 bhfiontar ag fáil tacaíocht neamhairgid**
- **Aschur: 50 fiontar ag comhoibriú le hinstitiúidí taighde**
- **Aschur: 5 institiúid taighde rannpháirteach i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha**
- **Aschur: 469 bhfiontar ag fáil comhairle nuálaíochta duine le duine**
- **Aschur: 94 fhiontar a bhfuil Clár Forbartha Inniúlachta Nuála á chur ar fáil dóibh**
- **Aschur: 19 bhfiontar ag glacadh páirte i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha**
- **Aschur: 70 fiontar a bhfuil Inteirn Nuála fostaithe acu, ar bhonn trasteorann**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Cláir oideachais agus feasachta atá dírithe ar FBManna;
- Cláir mheantóireachta agus comhairle duine le duine do FBManna;
- Iniúchtaí um chumas nuála laistigh de FBManna;
- Forbairt agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta nuála atá in oiriúint do riachtanais an FBM, agus lena dtugtar aghaidh ar easnaimh um chumas nuála;
- Cláir intéirneachta nuála ina gcuimsítear cruthú post teicneolaíochta, arna gceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i dtaobh cumais;
- Clár comhoibríoch taighde agus forbartha arna cheapadh chun tionscadail taighde chomhoibritheacha a chruthú idir FBManna agus institiúidí taighde, agus tacú le tionscadail den sórt sin.

# Tosaíocht: **an Comhshaol**

## Athshlánú gnáthóg faoi chosaint agus speiceas tosaíochta - (CFRE: €11m)

**Tá gnáthóga agus acmhainní mara i gcoiteann ag na trí dhlínse. Tá an comhar trasteorann riachtanach chun aghaidh a thabhairt go sásúil ar riachtanais atá leagtha amach sa Treoir Bhithéagsúlachta, sna Treoracha um Éin agus Ghnáthóga, agus sa Chreat um Straitéis Mhuirí.**

Faoin g**cuspóir**, cuirfear chun cinn an comhar trasteorann chun éascú a dhéanamh ar athshlánú gnáthóg roghnaithe faoi chosaint agus speiceas tosaíochta roghnaithe. Beidh sé ina **thoradh** air go dtiocfaidh méadú ar chéatadán na ngnáthóg roghnaithe faoi chosaint atá i riocht fabhrach nó ag druidim leis an ríocht sin.

Faoi gClár, tá tosaíocht tugtha do sheacht ngnáthóg faoi chosaint agus seacht speiceas tosaíochta. Roghnaíodh iadsan ó ghnáthóga agus speicis atá i ngach aon cheann de na trí dhlínse. Is ón liosta tosaíochta a roghnófar gach gnáthóg agus speiceas le haghaidh infheistíochta. Ní féidir ach suíomhanna a mbaineann tábhacht leo i dtaobh na ngnáthóg faoi chosaint nó na speiceas tosaíochta sin a roghnú le haghaidh infheistíochta faoin gClár.

**Gnáthóga faoi Chosaint** - Eanaigh alcaileacha, Bratphortach, Portach ardaithe gníomhach, Lochanna Marla, Eanaigh chailcreacha, Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa, Idirsheascainn agus portaigh chreatha.

**Speicis Tosaíochta** - Préachán na gCearc, Fritileán Réisc, Cráifisc liathdhonn, Lapairí goir (an crotach, an pilibín, an cosdeargán, an naoscach), an Fheadóg shléibhe, an Traonach, an Chearc fhraoigh

**Aschur: 4,500 heicteár de ghnáthóga tacaithe d'fhonn stádas caomhnaithe níos fearr a bhaint amach**

**Aschur: 25 phlean gníomhaíochta don chaomhnú**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Forbairt ar mhapáil na ngnáthóg faoi chosaint agus na láithreáin a mbaineann ábharthacht trasteorann leo;
- Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i ndáil le láithreáin faoi chosaint a mbaineann ábharthacht trasteorann leo;
- Gníomhartha caomhnaithe inláimhsithe do ghnáthóga agus speicis faoi chosaint;
- Gníomhaíochtaí bainistíochta agus cosanta um chaomhnú d'fhonn athghiniúint nádúrtha inbhuanaithe pobal speiceas a spreagadh;
- Forbairt agus comhroinnt an dea-chleachtais agus feabhsú scileanna i ndáil le bainistíocht éiceachóras;
- Bunachair shonraí a fhorbairt agus a úsáid chun cabhrú le gníomhartha caomhnaithe;
- Fáil réidh le speicis ionracha;
- Taighde ar speicis agus ar ghnáthóga, lena n-áirítear iarmhairt an athraithe aeráide, lena dtacaítear leis na gníomhartha sa Chlár;
- Gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana.

## Limistéir agus speicis mhuirí faoi chosaint a bhainistiú – (CFRE: €11m)

**Faoin gClár, déanfar éascú ar fhorbairt agus cur chun feidhme cineálacha cur chuige coiteanna maidir le bainistíocht na muirthimpeallachta. Beidh bainistiú feabhsaithe na n-acmhainní muirí ag cur le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Atlantaigh de chuid an AE.**

Forbróidh an **cuspóir** seo cumas trasteorann chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar cheantair agus speicis chosanta mhuirí. Is éard a **eascróidh** as seo ná méadú comhfhreagrach ar mhonatóireacht agus bainistíocht trasteorann a dhéanamh. Éascóidh seo 'geilleagar gorm' réigiúnach a fhorbairt agus a fhás, bunaithe ar a n-acmhainní muirí agus ar ailíniú gníomhaíochtaí réigiúnacha laistigh de Straitéis Atlantach an AE.

**Aschur: 1 líonra amháin baoithe d'fharraigí réigiúnacha, lena n-áirítear teiliméadracht agus monatóireacht aigéaneolaíochta (le haghaidh rónta, míolta móra agus bradán, mar shampla)**

**Aschur: 5 shamhail a bheith forbartha chun tacú le caomhnú gnáthóg agus speiceas muirí**

**Aschur: 6 phlean bainistíochta muirí curtha i gcrích do limistéir ainmnithe atá faoi chosaint**

**Aschur: 1 chóras amháin chun cáilíocht an uisce snámha a thuar agus comharthaí fíor-ama a shuiteáil**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Forbairt agus cur chun feidhme pleananna bainistíochta trasteorann i ndáil le limistéir agus speicis mhuirí faoi chosaint;
- Mapáil a dhéanamh ar an muirthimpeallacht agus ar ghrinneall na farraige;
- Líonra de limistéir mhuirí faoi chosaint a chruthú;
- Taighde agus forbairt sa mhuirthimpeallacht (lena n-áirítear iarmhairt an athraithe aeráide);
- Tionscnaimh um scileanna mara;
- Clár taighde comhordaithe a bhaineann go díreach leis na dúshláin bhainistíochta sa limistéar incháilithe;
- Eolas agus sonraí a chomhroinnt;
- Samhail réamhthuartha agus comharthaí a fhorbairt i ndáil le truailliú gearrthéarmach agus bainistíocht fíor-ama ar cháilíocht an uisce snámha in uiscí cósta.

# Tosaíocht: **an Comhshaol**

## Cáilíocht an uisce in uiscí idirchriosacha a fheabhsú – (CFRE: €30m)

**Tá an comhar trasteorann riachtanach chun aghaidh a thabhairt go sásúil ar na riachtanais atá leagtha amach sa Chreat-Treoir Uisce i dtaobh uiscí comhroinnte idirchriosacha. Faoin gClár, éascófar cur chun feidhme cineálacha cur chuige coiteanna maidir le bainistiú na n-acmhainní uisce, agus comhroinnt an dea-chleachtais agus saineolais theicniúil ar fud an réigiúin incháilithe, agus leas á bhaint as láidreachtaí coibhneasta na dtrí dhlínse.**

Faoin g**cuspóir**, cuirfear feabhas ar an gcáilíocht uisce in uiscí comhroinnte idirchriosacha. Beidh sé ina **thoradh** air go dtiocfaidh méadú ar chéatadán na n-uiscí comhroinnte idirchriosacha sa réigiún atá ar dhea-cháilíocht nó ar cháilíocht ard. Trí shamhaltú mara ar uiscí idirchriosacha agus uiscí cósta trasteorann, féadfar foinsí truaillithe a shainaithint mar aon leis an mbealach is fearr chun dea-cháilíocht uisce a bhaint amach agus a chothabháil.

Le samhaltú den sórt sin, sainaithneofar na hidirghabhálacha agus na feabhsúcháin is éifeachtaí is gá i leith an líonra camrais agus na n-oibreacha cóireála fuíolluisce a mbíonn tionchar acu ar na huiscí comhroinnte. Beidh na hidirghabhálacha á ndíriú ar dhá dhobharlach idirchriosacha trasteorann, Loch Cairlinn agus Loch Feabhail.

**Aschur: 10,000 duine ag baint tairbhe as cóireáil fuíolluisce fheabhsaithe**

**Aschur: 2 thionscadal líonra camrais agus cóireála fuíolluisce curtha i gcrích chun cáilíocht an uisce a fheabhsú in uiscí comhroinnte idirchriosacha**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Taighde agus forbairt i dteicneolaíochtaí cóireála fuíolluisce, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí inbhuanaithe a bhaineann go díreach leis na huiscí comhroinnte idirchriosacha;
- Láithreáin taispeántais a chruthú sna dobharcheantair chun modheolaíochtaí dea-chleachtais um chóireáil fuíolluisce a léiriú;
- Tionscadal líonra camrais agus tionscadal cóireála fuíolluisce chun aicmiú na ndobharcheantar trasteorann faoin gCreat-Treoir Uisce a chosaint agus a fheabhsú.

## Cáilíocht an fhionnuisce in abhantracha trasteorann a fheabhsú – (CFRE: €20m)

**Laistigh de limistéar an Chláir, tá 11 abhantrach trasteorann in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon. Tá leibhéil níos airde comhoibrithe trasteorann idir an dá dhlínse de dhíth d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht an fhionnuisce agus cuidiú na ceanglais atá leagtha síos sa Chreat-Treoir Uisce a chomhlíonadh.**

Faoin g**cuspóir**, cuirfear feabhas ar cháilíocht an fhionnuisce in abhantracha trasteorann. Beidh sé ina **thoradh** air go dtiocfaidh méadú ar chéatadán na ndobharlach fionnuisce trasteorann in abhantracha trasteorann atá ar dhea-cháilíocht nó ar cháilíocht ard.

Is féidir le hidirghabhálacha cuí i ndobharcheantair uisce a bheith ina gcúis le feabhas ar cháilíocht an uisce, lena maolófar an gá atá le hinfheistíocht chaipitiúil agus lena gcuideofar costais oibriúcháin a laghdú agus an bhitheagsúlaíocht á cosaint agus á feabhsú.

**Aschur: 3 thionscadal curtha i gcrích chun cáilíocht an uisce in aibhneacha a fheabhsú**

**Aschur: 50 tobar suiteáilte chun monatóireacht a dhéanamh ar an screamhuisce trasteorann**

**Aschur: 1 Phlean Bainistíochta Dobharcheantair Inbhuanaithe amháin um uisce óil trasteorann**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Pleananna bainistíochta agus gníomhaíochtaí abhantraí comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Pleananna bainistíochta agus tionscadail a fhorbairt agus a chur chun feidhme do limistéir ainmnithe ina bhfuil uisce óil faoi chosaint ionas gur féidir aicmiú an uisce faoin gCreat-Treoir Uisce a chothabháil agus a fheabhsú;
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce abhann;
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde um bainistíocht ar cháilíocht fionnuisce;
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le toibreacha monatóireachta screamhuisce a bhunú.

# Tosaíocht: **Iompar Inbhuanaithe**

## Iompar Inbhuanaithe – (CFRE: €40m)

**Is iad carranna an cineál iompair is mó go mór a n-úsáidtear ar fud an réigiúin, rud is cúis le hastuithe arda carbóin. Tá an chuma air go méadóidh an treocht ag teacht le daonra atá ag ardú agus fás geilleagrach. Tacófar faoin gClár le nascacht níos fearr idir na trí dhlínse, agus cruthófar líonra níos comhtháite, trínar féidir ceangal a dhéanamh idir iompar poiblí, an rothaíocht agus úsáid níos mó a bhaint as feithiclí leictreacha.**

Faoin g**cuspóir**, cuirfear chun cinn an tsoghluaisteacht inbhuanaithe idirmhodúil trasteorann sa réigiún trasteorann. Beidh líon méadaithe aistear paisinéirí (suas go dtí 25%) ina mbainfear úsáid as seirbhísí iompair phoiblí trasteorann faoi 2023 ina **thoradh** air. Cuirfidh sé freisin le líon na n-aistear trasteorann ag siúl / ar rothar (suas go dtí 10%) sa réigiún, chomh maith le líon na bhFeithiclí Leictreacha arna gclárú, suas go dtí 2,000 faoi 2023.

**Aschur: Mol iompair phoiblí trasteorann amháin ina mbeidh córacha iompair éagsúla i gceist a chruthú, lena gcuimseofar seirbhísí comhtháite**

**Aschur: Cruthú 80km d'fhéarbhealaí nua trasteorann**

**Aschur: Cruthú gréasáin trasteorann d'Fheithiclí Leictreacha lena n-áirítear 73 luchtaire thapa nua/uasghrádaithe**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Moil iompair phoiblí trasteorann a fhorbairt ina mbeidh córacha iompair éagsúla i gceist agus lena n-éascófar athrú i dtreo iompar poiblí trí sheirbhísí comhtháite nua-aimseartha trasteorann a chur ar fáil, ar nós páirceála agus taistil, scéimeanna rothar poiblí agus comhroinnt gluaisteán, srl;
- Féarbhealaí agus líonraí rothaíochta trasteorann a fhorbairt chun aistir ghluaisteáin a laghdú san iompar trasteorann;
- Forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar trasteorann atá ann cheana féin le haghaidh feithiclí leictreacha, lena n-áirítear luchtairí iompair tapa agus aonaid stórála cadhnraí a uasghrádú nó a shuiteáil
- Forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar trasteorann atá ann cheana féin le haghaidh feithiclí leictreacha lena chinntiú go mbeidh sé ag teacht leis an Líonra Luchtairí Tapa agus á chomhlánú, agus go bhfeabhsóidh sé cúrsaí nascachta agus soghluaisteachta trasteorann;
- Taighde ar bhonneagar luchtaithe, agus go sonrach cineálacha cur chuige níos inbhuanaithe i dtaobh luchtú feithiclí leictreacha, lena n-áirítear úsáid a bhaint as luchtairí feithiclí leictreacha ar bháid fartha.

# Tosaíocht: **Sláinte agus Cúram Sóisialta**

## Sláinte agus Cúram Sóisialta – (CFRE: €53m)

**Tá dúshláin le sárú ag na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fud an réigiúin i ndáil le freastal ar éileamh atá ag méadú laistigh de bhuiséad a bhfuil srian air. Tríd an gcomhar trasteorann, cuideofar le soláthar níos éifeachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte sna réigiúin teorann. Tá an comhoibriú ar fud an réigiúin riachtanach chun an tairseach chriticiúil a bhaint amach atá riachtanach le haghaidh trialacha cúraim sláinte. Trí réitigh ríomhshláinte a chomhordú agus a chomhroinnt, is féidir luas a chur faoi chur chun feidhme na teicneolaíochta seo, a chuideoidh le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin.**

Faoin g**cuspóir** seo, ach comhoibriú ar bhonn trasteorann, cuirfear feabhas ar shláinte agus folláine na ndaoine a chónaíonn sa réigiún trí chur ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán sa suíomh is oiriúnaí dá gcuid riachtanas. Beidh líon méadaithe 'teagmhas cúraim' arna soláthar ar bhonn trasteorann ina **thoradh** air.

- Aschur: 12 idirghabháil nua sa limistéar trasteorann a fhorbairt chun tacú le sláinte agus folláine 15,000 tairbhí agus an drochshláinte a chosc ina leith
- Aschur: Dhá sheirbhís nua tacaíochta pobail a fhorbairt sa limistéar trasteorann chun tacaíocht a thabhairt do 4,000 duine faoi mhíchumas a bhfuil an t-aonrú sóisialta ag goilleadh orthu
- Aschur: Bonneagar nua trasteorann a fhorbairt don phobal agus don earnáil dheonach chun tacaíocht a thabhairt do 8,000 cliant atá tagtha chucu féin ón tinneas meabhrach
- Aschur: Dhá chreat nua i gcomhar limistéir trasteorann a fhorbairt agus a chur chun feidhme i ndáil le hidirghabháil luath a rachaidh chun sochair 5,000 teaghlach leochaileach
- Aschur: Ceithre chreat trasteorann a bhunú i ndáil le sruthanna cúraim sceidealta agus neamhsceidealta do 15,000 othar
- Aschur: Idirghabhálacha ríomhshláinte a chur ar fáil chun tacú leis an maireachtáil neamhspleách i bpobail chúraim do 4,500 othar
- Aschur: Creat agus seirbhís trasteorann chomhroinnte a chruthú maidir le sainaithint, measúnú agus atreorú 2,500 othar arna sainaithint mar dhaoine atá 'i mbaol' aonraithe agus eisiamh sóisialta
- Aschur: Cláir sainoiliúna agus forbartha a sholáthar do 3,800 soláthraí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta sa limistéar trasteorann
- Aschur: 10 dtriail idirghabhála cúraim sláinte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa limistéar trasteorann i ndáil le hidirghabhálacha cúraim sláinte núíosacha nach bhfuil cruthaithe, chun tinneas a chosc agus a leigheas
- Aschur: Meicníocht amháin ríomhsheirbhísí sláinte a chruthú chun measúnú a dhéanamh ar réitigh ríomhsheirbhísí sláinte agus réitigh shoghluaiste shláinte

# Tosaíocht: **Sláinte agus Cúram Sóisialta**

Is féidir na haschuir Iastall a bhaint amach trí bhíthin na ngníomhartha táscacha seo a leanas:

- Tacú le sláinte agus folláine agus le cosc na drochshláinte trí chur chuige comhtháite;
- Forbairt a dhéanamh ar chur chuige comhionannais shóisialta maidir le cuimsiú sóisialta, saoránacht agus torthaí saoil níos fearr a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas;
- Teacht aniar agus athshlánú meabhrach agus mothúchánach a chur chun cinn sna réigiúin trasteorann
- Idirghabháil luath údarásach le teaghlaigh leochaileacha;
- Seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí do dhaoine scothaosta, faoina dtacófar le pobail cúraim agus leis an maireachtáil neamhspleách;
- Samhlacha nua oibre a fhorbairt i sruthanna cúraim neamhsceidealta agus sceidealta araon trí leas níos fearr a bhaint as acmhainní fisiceacha, acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna atá gann;
- Forbairt agus cur chun feidhme seirbhísí tacaíochta agus comhoibrithe ar bhonn trasteorann d'eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha a bhfuil baint acu le soláthar cúraim shóisialta agus seirbhísí cúraim sláinte laistigh dá bpobail féin;
- Forbairt, cur chun feidhme agus measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh thrasteorann i réimse na ríomhshláinte, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aonrú i gceantair thuaithe, teiliméadracht, faisnéis idirlín ar acmhainní pobail agus seirbhísí tacaíochta ar fud raon réimsí seirbhíse sláinte;
- Forbairt a dhéanamh ar an gcomhar trasteorann i réimse na bainistíochta taifead cúraim sláinte d'fhonn sruthlíniú a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis d'othair agus do ghairmithe cliniciúla agus seirbhísí cúraim trasteorann á soláthar;
- Idirghabhálacha oiliúna trasteorann do ghairmithe sláinte, do ghairmithe cúraim shóisialta agus do dhaoine in eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí sláinte agus tacaíochta cúraim shóisialta trasteorann;
- Forbairt, cur chun feidhme agus measúnú a dhéanamh ar thrialacha sláinte agus ar thrialacha cúraim shóisialta i raon réimsí cúraim sláinte

# Cén cineál tionscadal a dtabharfar tacaíocht dóibh?

## Cé a chinn cad a bheadh ina dtosaíochtaí don Chlár nua?

Tá an t-ábhar atá sa Chlár faoi threoir ag dhá chomhairliúchán phoiblí (a rinneadh in 2012 agus 2014), ag próifíl shocheacnamaíoch den réigiún; agus ag comhairliúchán fairsing leis na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí Rialtais in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus in Albain. Léirítear sa Chlár freisin 'Straitéis 2020' an AE, na Rialacháin um Chomhar Críochach Eorpach agus Páipéir Sheasaimh an Choimisiúin Eorpaigh don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn. Tá ábhar an Chláir comhaontaithe ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann, Rialtas na hAlban agus an Coimisiún Eorpach.

## Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chistiú?

Faoi réir seiceálacha incháilitheachta, is féidir iarratais a chur isteach ó réimse leathan eagraíochtaí lena n-áirítear: Comhlachtaí na hEarnála Poiblí; Ranna Rialtais; Eagraíochtaí Pobail agus Eagraíochtaí na hEarnála Deonaí, Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta; Coláistí Breisoideachais, an Earnáil Phríobháideach agus Soláthraithe cúraim sláinte. (Níl an liosta sin uileghabhálach).

## Cá bhfaighidh mé eolas ar dheiseanna cistiúcháin?

Beidh glaonna cistiúcháin éagsúla ar oscailt ag amanna éagsúla le linn na clárthréimhse nua. Beidh sonraí iomlána maidir le gach glao cistiúcháin á bhfógairt ar shuíomh gréasáin FCSAE (www.seupb.eu), ar a chuntas Twitter (@SEUPB) agus ar a leathanach Facebook (www.facebook.com/SpecialEUProgrammesBody). Cuirfear liosta de gach tionscadal arna chistiú ar fáil ar shuíomh gréasáin FCSAE freisin agus déanfar nuashonrú rialta air.

## Cad iad na critéir a úsáidfear chun iarratais a mheasúnú?

Is ar na hiarratasóirí atá an fhreagracht faisnéis iomlán, mhionsonraithe a chur ar fáil atá ag teacht leis an treoir a thugtar ag tús gach céime den phróiseas iarratais. Bainfear leas as na critéir seo a leanas, atá mionsonraithe thíos, chun gach iarratas a mheasúnú:

- Ní mór go mbeadh **torthaí** agus **aschuir** iarratais ar bith ag teacht le cuspóirí, torthaí agus aschuir an Chláir. (Déanfar iadsan a mhionsonrú sa ghlao ar iarratais);
- Ní mór go mbeadh an **comhar trasteorann** agus an breisluach idir comhpháirtithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn léirithe go soiléir sna hiarratais;
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann fianaise a thaispeáint um shocruithe stuama maidir **le dea-rialachas corparáideach** agus comhpháirtíocht;
- Ní mór go mbeadh **ardchaighdeán dearaidh tionscadail** sna hiarratais ó thaobh réamhphleanála agus cur chun feidhme agus ó thaobh na monatóireachta ar fheidhmíocht;
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann a léiriú go bhfuil **luach maith ar airgead** le fáil maidir lena dtionscadal
- Ní mór don tionscadal cur le **forbairt inbhuanaithe** agus leis an g**comhionannas**.

# Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar na tionscadail?

Cuirfear próiseas dhá chéim i bhfeidhm chun a chinneadh an éireoidh le hiarratas ar bith. Is éard a bheidh sa chéad chéim ná foirm iarratais ghearr, agus gheobhaidh iarratasóirí cinneadh faoi cibé is féidir nó nach féidir leo bogadh ar aghaidh go dtí céim a dó. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht faisnéis iomlán, mhionsonraithe a chur ar fáil atá ag teacht leis an treoir a thugtar ag tús gach céime den phróiseas iarratais.

Áireofar le céim a dó den phróiseas Plean Gnó mionsonraithe a chur ar fáil ina mbeidh níos mó sonraí faoin iarratas agus a bheidh faoi réir dianmheasúnú. Ach amháin i gcásanna a ndéantar réasúnú cuí ina leith, 36 seachtaine a bheidh sa tréimhse mheasúnachta fhoriomlán, ina n-áirítear Litir Thairisceana a eisiúint don iarratasóir. Mura gcomhlíonfar an tréimhse measúnachta 36 seachtaine le haghaidh aon iarratais, cuirfear réasúnaíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin FCSAE.

Tá an fhreagracht tarmligthe ag Coiste Monatóireachta an Chláir do Choiste Stiúrtha a dhéanfaidh an cinneadh deiridh faoi cibé an ndéanfar cistiú a dhámhachtain nó nach ndéanfar.

Beidh faisnéis dhírithe sna glaonna ar iarratais agus cuirfear síos iontu ar thorthaí tionscadal agus ar na hábhair aschuir fhoriomlána a mbeidh gá leo, agus ar an leithdháileadh iomlán airgeadais maidir le gach glao. Foilseofar féilire ina mbeidh dátaí socraithe an Choiste Stiúrtha tráth an ghlao, lena gcuirfear follasacht ar fáil i leith na spriocanna um amanna próiseála. Beidh na nósanna imeachta agus na critéir cinnteoireachta leagtha amach go han-soiléir sna téarmaí tagartha a bhaineann le gach glao.

# Cén chaoi a bhfuil na Cláir nua do 2014-2020 simplithe againn?

Mar fhreagra ar aiseolas ó iarratasóirí roimhe seo agus ar dheiseanna de bhun na rialachán nua, tá fócas athnuaite ar shimpliú laistigh den Chlár nua INTERREG VA. Mar sin, tá roinnt beart tugtha isteach chun cabhrú leis an leibhéal maorlathais a bhaineann leis an gClár a laghdú.

- **Comhchuibhiú rialacha:** Cuirfear na Rialacha Cláir céanna i bhfeidhm ar fud réimse an Chláir Léireoidh na rialacha sin na gníomhartha nach mór a dhéanamh ar a laghad chun rialacháin an AE agus nósanna imeachta náisiúnta a chomhlíonadh. Tá na rialacha comhchuibhithe leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an gClár nua PEACE IV do 2014-2020.

- **Fad tionscadail:** Is féidir leis an tionscadal leanúint ar aghaidh ar feadh suas le seacht mbliana, ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. I gcás ina mairfidh tionscadal níos faide ná trí bliana, beidh an dara céim den tionscadal faoi réir dianmheasúnú lárthéarma.

- **Coinníollacha na Litreach Tairisceana:** Laghdófar líon na gcoinníollacha i Litir Thairisceana an oiread is féidir agus ní dhéanfar macasamhlú iontu ar na coinníollacha a bheidh i Rialacha an Chláir ná sna coinníollacha caighdeánacha.

- **Monatóireacht:** Léireofar i líon na dtáscairí i Litir Thairisceana fócas an Chláir ar thorthaí agus ar aschuir. Is riachtanas rialála é go gcuirfí an mhonatóireacht ar na táscairí i gcrích ar bhealach a chomhlíonfaidh an ríomh-chomhtháthú.

- **Struchtúr buiséid:** Úsáidfear struchtúr buiséid simplithe sa Litir Thairisceana. Leis sin, cuirfear le solúbthacht oibríochtúil na gCeannpháirtithe maidir le seachadadh na dtionscadal, gan an ceanglas a bheith ann i ndáil le ceadú a lorg le haghaidh athruithe ar línte fo-bhuiséid.

- **Costais shimplithe:** Cuirfear costais shimplithe chun cinn agus chun feidhme ar bhonn réamhghníomhach sa Chlár. Bainfear leas as forchostais ar ráta comhréidh i gcás gach tionscadail ábhartha. Sa chás gurb ann do bhonn oiriúnach do chostais aonaid, beidh an mhodheolaíocht sin éigeantach. Beidh faisnéis mhionsonraithe maidir le costais shimplithe san áireamh sna glaonna.

# Cén chaoi a bhfuil na Cláir nua do 2014-2020 simplithe againn? (ar lean)

- **Ceannpháirtithe:** Ceanglófar ar údaráis áitiúla agus ar Cheannpháirtithe eile a bheidh ag plé lena lán tairbhithe deiridh a lua conas atá an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe deiridh á laghdú acu.
- Beidh ar údaráis áitiúla samhla um chostais aonaid, rátaí comhréidhe, cnapshuimeanna nó leithdháileadh acmhainní a úsáid chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe deiridh a laghdú.

- **Fíorú:** Úsáidfidh an tAonad um Rialú Airgeadais an mhodheolaíocht samplála bunaithe ar riosca agus a chuid seiceálacha riaracháin á gcur i gcrích aige. Trí dhíriú ar chostais aonaid agus ar aschuir, déanfar laghdú suntasach ar an leibhéal fíoraithe. Cuirfear níos mó béime le linn an fhíoraithe ar bhaint amach na n-aschur agus na dtorthaí.

- **Ríomh-chomhtháthú:** Glacfaidh an clár le prionsabail an ríomh-chomhtháthaithe. Beidh iarratasóirí in ann cur isteach ar chistiú ar líne. Beidh ar na Ceannpháirtithe faisnéis mhonatóireachta agus faisnéis airgeadais chothrom le dáta a chur ar fáil ar líne.

# Cad mar gheall ar na Prionsabail Chothrománacha?

## Cad mar gheall ar Fhorbairt Inbhuanaithe?

Cuireadh an Clár faoi réir ag Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta lena chinntiú go dtacaíonn sé le gníomhaíochtaí trína gcuirfear an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn. Ní mór do na tionscadail a léiriú conas a íoslaghdóidh siad aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcomhshaol.

Ní mór do gach tionscadal i ngach téama cloí leis an Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2006, chomh maith leis an Straitéis Forbartha Inbhuanaithe náisiúnta faoi seach laistigh de gach dlínse. Mar chuid den mheasúnú ar na hiarratais, breithneofar mar a chloí an tionscadal le prionsabail agus cuspóirí na forbartha inbhuanaithe. Nuair a mheastar gur cuí é, cuirfear Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta i gcrích.

## Cad mar gheall ar Chomhdheiseanna?

Cinnteofar faoin gClár go gcuirfear san áireamh agus go gcuirfear chun cinn an comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú na gné inscne ar fud ullmhú agus cur chun feidhme an Chláir mar aon leis an monatóireacht, an tuairisciú agus an measúnú ina leith.

Glacfaidh an Clár bearta cuí chun cosc a chur ar aon idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar bhunadh ciníoch nó ar bhunadh eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéis agus é á ullmhú agus á chur chun feidhme. Go háirithe, cuirfear an inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh agus an Clár á ullmhú agus á chur chun feidhme.

I gcomhréir le hAlt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998, leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta (1998) agus an Acht um Stádas Comhionann (2000), arna leasú leis an Acht um Chomhionannas (2004) in Éirinn agus an Acht um Chomhionannas (2006) in Albain, is amhlaidh i gcás na dtionscadal arna bpáirtchistiú ag an gClár go gcomhlíonfaidh siad beartais agus reachtaíocht an Chomhphobail maidir le deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú, agus, nuair is cuí, go ndéanfaidh siad cion ina leith.

Cuireadh an Clár faoi réir scagadh comhionannais i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus le beartas comhionannais FCSAE. Cinneadh sa scagadh gur imríodh miontionchar dearfach thar ceithre cinn de na naoi bhforas a thagann faoi Alt 75 (cine/bunadh eitneach; aois; míchumas agus spleáchas). Cinneadh sa scagadh freisin gur imríodh tionchar neodrach ar chlaonadh gnéis, stádas pósta, fir agus mná i gcoitinne, tuairim pholaitiúil agus creideamh.

Beidh ar Iarratasóirí ar thionscadal ráiteas a áireamh ina n-iarratas faoin tionchar comhionannais ar dócha a bheadh ag a dtionscadal, agus tionchar difreálach ar bith a shainaithint.

# Conas a dhéantar an Clár a bhainistiú?

Is é FCSAE an tÚdarás Bainistíochta, an Chomhrúnaireacht, an tÚdarás Deimhníochta agus an tAonad um Rialú Airgeadais don Chlár INTERREG VA, agus dá réir sin tá sé freagrach don Choimisiún Eorpach, don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, don Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn.

Tá freagracht fhoriomlán ar **an Údarás Bainistíochta** as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gClár. Déanann sé cathaoirleacht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus soláthraíonn sé tacaíocht riaracháin fhoriomlán dó.

Tá **an Chomhrúnaireacht** freagrach as faisnéis a sholáthar maidir le deiseanna cistiúcháin. Ina theannta sin, ullmhaíonn sí measúnuithe tionscadail a chuirtear faoi bhráid an Choiste Stiúrtha ionas go ndéanfaidís cinneadh críochnaitheach ina leith. Cuideoidh sí le Ceannpháirtithe agus a dtionscadail á gcur chun feidhme acu.

Deimhníonn **an tÚdarás Deimhniúcháin** gach éileamh caiteachais a chuirtear faoi bhráid an CE, chomh maith le sreabhadh airgid an Chláir a rialú agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na Ceannpháirtithe.

Tá **an tAonad um Rialú Airgeadais** freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht gach caiteachais arna thabhú a fhíorú. Déanann sé seiceálacha réamhchonarthachta ar gach Ceannpháirtí agus déanann sé fíoruithe riaracháin ar na héilimh a dhéanann tionscadal.

Tá an fhreagracht i leith tionscadail a roghnú lena gcistiú tarmligthe ag Coiste Monatóireachta an Chláir don **Choiste Stiúrtha** neamhspleách. Is críochnaitheach iad a chuid cinntí.

# Conas a dhéantar monatóireacht ar an gClár?

**Tá** Coiste Monatóireachta bunaithe faoi Rialachán na hEorpa don Chlár INTERREG VA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus cáilíocht an Chláir.

Cuimsítear le ballraíocht an Choiste Monatóireachta ionadaithe ó na Ballstáit, ó rialtas áitiúil agus rialtas réigiúnach, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus geilleagracha a ionadaíonn gnó, ceardchumainn, agus na hearnálacha deonacha, comhshaoil agus comhionannais. Tá liosta iomlán de bhaill an Choiste, chomh maith leis na páipéir agus na miontuairiscí ó gach cruinniú coiste, ar fáil ar shuíomh gréasáin FCSAE.

Comhlíonann an coiste roinnt príomhfhreagrachtaí:

- Ní mór dó na critéir roghnúcháin tionscadail a bheidh le húsáid sa Chlár a fhaomhadh;
- Ní mór dó athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna an Chláir a bhaint amach agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar a chur chun feidhme;
- Déanfaidh sé tuarascálacha foirmiúla a chuirtear faoi bhráid an AE a bhreithniú agus a fhaomhadh, lena n-áirítear Tuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme;
- D'fhéadfadh sé leasuithe a mholadh ar an gClár um Chomhar (an doiciméad atá ceadaithe ag an CE faoina mbunaítear straitéis agus tosaíochtaí an Chláir); agus
- Déanfaidh sé breithniú agus faomhadh ar aon togra chun leasú a dhéanamh ar an cinneadh ón gCoimisiún faoinár faomhadh an Clár.

**Tá tuilleadh eolais faoin gClár INTERREG VA do 2014-2020, lena n-áirítear an leagan iomlán den doiciméad um an gClár Comhair, ar fáil ag www.seupb.eu**

# Nótaí

# Déan Teagmháil Linn:

**Béal Feirste**
Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar,
Béal Feirste
BT2 7GP
Tuaisceart Éireann
Teil.: +44 28 9026 6660
Ríomhphost: info@seupb.eu

**Muineachán**
Foirgneamh M:Tek II,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán
Éire
Teil.: +353 477 7003
Ríomhphost: info@seupb.eu

**An Ómaigh**
Áras an AE,
11 Bóthar Kevlin,
An Ómaigh
BT78 1LB
Tuaisceart Éireann
Teil: +44 28 8225 5750
Ríomhphost: info@seupb.eu

**Pointe Teagmhála Náisiúnta d'Albain**
5 Cé an Atlantaigh,
150 Broomielaw,
Glaschú
G2 8LU
Teil: +44 141 228 2202
Ríomhphost: Scotland.Europa@scotent.co.uk

**Suíomh Gréasáin: www.seupb.eu**